2024.M87T

2024L008A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Léann Clasaiceach

## Ardleibhéal

Dé Luain 24 Meitheamh Tráthnóna 2:00 - 4:30

400 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.
Ní ceadmhach peann luaidhe ná pionsail dathadóireachta a úsáid **ach amháin** i líníochtaí nó i léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí ar fad sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás ann d'obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú lasmuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn A** | Ceisteanna Spreagtha | 200 marc |
| | • Freagair **gach** ceist a chuirtear i láthair. | |

Tá íomhánna le haghaidh na gCeisteanna 1–8 i Roinn A ar **Pháipéar X** a ghabhann leis an scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn B** | Freagraí Fada | 200 marc |
| | • Freagair Ceist 11. | (120 marc) |
| | • Freagair ceist **amháin** as na Ceisteanna 12–16. | (80 marc) |

Is ceadmhach líníochtaí, léaráidí, srl., a tharraingt, nuair is cuí, sa spás bán lena aghaidh freagraí ar lch 19 agus ar lch 24 i Roinn B.

| Roinn A | Ceisteanna Spreagtha | 200 marc |
|---|---|---|

Freagair na **deich** gceist a leanas go léir. Tá fiche marc ag gabháil le gach ceist.
Féach ar na híomhánna ar **Pháipéar X** mar a threoraítear i gCeist 1-8.

**Ceist 1** **(20 marc)**

Léirítear an tArm Macadónach in Íomhá A agus léirítear an tArm Rómhánach in Íomhá B.

**(a)** Críochnaigh cuid **(i) nó** cuid **(ii).**

**(i)** Scríobh an litir atá in aice le gach téarma thíos isteach sa bhosca atá in aice lena shainmhíniú.

| | | |
|---|---|---|
| a. sarissa | | eagar a úsáidtear chun bearna a dhéanamh i líne na namhad |
| b. falang | | scothaonad san Arm Macadónach |
| c. ding | | aonad san Arm Macadónach a bhfuil ardchumas gluaiseachta acu |
| d. marcshlua coimhdeachta | | saighdiúirí coise, armtha go láidir, i ndlútheagar |
| e. scirmiseoirí | | píce nó sleá fhada |

**NÓ**

**(ii)** Scríobh an litir atá in aice le gach téarma thíos isteach sa bhosca atá in aice lena shainmhíniú.

| | | |
|---|---|---|
| a. léigiún | | aonad san Arm Rómhánach comhdhéanta de thrúpaí eachtrannacha nó de thrúpaí na gComhghuaillithe |
| b. meirge | | claí cuaillí curtha suas mar fhál nó mar chosaint |
| c. gladius | | siombail de chumhacht mhíleata na Rómhánach |
| d. pailis | | claíomh gairid |
| e. saighdiúirí cúnta | | an t-aonad míleata is mó san Arm Rómhánach |

**(b)** Mínigh go hachomair an chaoi ar chuir téarma **amháin** as cuid **(a)** le rath an airm.

**Ceist 2** **(20 marc)**

In Íomhá C léirítear rilíf adhlactha Rómhánach.

**(a)** Déan cur síos ar an gcleachtas adhlactha ón tSean-Róimh a léirítear in Íomhá C. Bíodh tagairt agat do shonra **amháin** ar a laghad in Íomhá C mar thacaíocht le do fhreagra.

**(b)** Mínigh conas a bhain Rómhánaigh cumhachtacha feidhm as sochraidí chun a stádas sóisialta a neartú.

**Ceist 3** **(20 marc)**

Atógáil ar theampall Gréagach atá in Íomhá D.

**(a)** Ainmnigh na **trí** ghné ailtireachta a bhfuil uimhreacha orthu in Íomhá D.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

**(b)** Ainmnigh **triúr** déithe a adhradh sa teampall seo.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

**(c)** Mínigh tábhacht an teampaill seo sa tsochaí Aithneach.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4** **(20 marc)**

Taispeántar dhá theampall éagsúla in Íomhá E agus in Íomhá F.

**(a)** Tabhair ainm gach teampall **agus** ainmnigh an duine a choimisiúnaigh é.

| Íomhá | Ainm an teampaill | Ainm an duine a choimisiúnaigh an teampall |
|---|---|---|
| E | | |
| F | | |

**(b)** Roghnaigh Íomhá E **nó** Íomhá F agus mínigh cén fáth a gceaptar an teampall a bheith ina shárshampla ailtireachta.

| An íomhá a roghnaíodh: | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Ceist 5** **(20 marc)**

Léaráid d'amharclainne sa tSean-Ghréig atá in Íomhá G.

**(a)** Ainmnigh an gléas stáitsithe atá sainaitheanta le ciorcal oráiste in Íomhá G.

**(b)** Déan cur síos ar an gcaoi a n-úsáideadh aisteoir sa Traigéide Ghréagach an gléas stáitsithe i gcuid **(a)**.

**(c)** Measúnaigh an chúis ar úsáid an drámadóir an gléas i gcuid **(a)** chun clabhsúr a chur ar an traigéide a bhfuil staidéar déanta agat air, *Méidé* le hEoiripidéas **nó** *Philoctetes* le Sofaicléas.

**Ceist 6** **(20 marc)**

In Íomhá H taispeántar vásphictiúr den Chór i dTraigéide Ghréagach.

**(a)** Tabhair mionchur síos ar Íomhá H.

**(b)** Cén fáth a gceaptar gur gné thábhachtach den Traigéde Ghréagach é an Cór san Aithin le linn an chúigiú céad? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**Ceist 7** **(20 marc)**

In Íomhá I, taispeántar radharc miotaseolaíoch as freascó Rómhánach.

**(a)** Críochnaigh an tábla thíos le hainmneacha Sean-Ghréagacha **triúr** déithe in Íomhá 1 **agus** leis na gnéithe a thugann le fios cé hiad.

| Ainm an dé / an bhandé | Gné óna n-aithnítear |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

**(b)** Cén t-ainm atá ar an miotas a thaispeántar in Íomhá I?

**(c)** Cad a insíonn an miotas seo dúinn faoin nádúr **agus/nó** faoin bhfeidhm a bhí ag déithe/bandéithe sa tSean-Ghréig? Mínigh do fhreagra le sonraí ón miotas.

**Ceist 8** **(20 marc)**

Tá léiriú ealaíontóra ar radharc as an Ódaisé le Hóiméar in Íomhá J.
I dTéacs A thíos, tá sliocht ón radharc céanna as an Ódaisé le Hóiméar.

**(a)** Bunaithe ar an staidéar a rinne tú ar an *Odaisé,* an dóigh leat go bhfuil léiriú cruinn ar an radharc seo in Íomhá J? Bíodh sonraí agat ón íomhá mar thacaíocht le do fhreagra.

**Téacs A**
"A Bhanphrionsa, féach mise ag do chosa. An duine daonna tú, nó bandia? Más bandia tú, duine díobh siúd a choimeádann na flaithis fhairsinge, feictear domsa gur cosúla tú le hArtaimís, iníon le Séas mór, ó thaobh áilleachta, airde agus foirme de. Ach más duine daonna de chuid an domhain tú, tá d'athair dil is do mháthair beannaithe faoi thrí, agus tá do dheartháireacha beannaithe faoi thrí. Caithfidh sé go mbíonn a gcroí ag lonrú le pléisiúr nuair a fhéachann siad ar bhláth chomh milis sin ag dul leis na damhsóirí."

**(b)** Léigh Téacs A agus sainaithin príomhthréith **amháin** a bhaineann leis an laoch eipice seo.

**(c)** Measúnaigh conas a úsáidtear an tréith seo i dTéacs A **nó** i radharc eile san *Odaisé.*

**Ceist 9** **(20 marc)**

Léigh an sliocht thíos a tógadh as Leabhar 6 den *Aeinéid* le Veirgil.

> Anseo a phlódaíonn na sluaite, ag deifriú chuig na cladaí, mná agus fir, coirp mhairbh na laochra uaisle, buachaillí agus cailíní neamhphósta, mic leagtha amach ar an mbreocharn os comhair dhá shúil a n-athar: chomh líonmhar leis na duilleoga a thiteann sna coillte nuair a thagann céadsioc an fhómhair, chomh líonmhar leis na héin a eitlíonn i dtír as na haigéin dhoimhne, nuair a ruaigeann fuacht na bliana thar lear iad agus seolann iad go tíortha níos grianmhaire. Ansin a sheas siad, ag impí go mbeidís ag ceann an tslua le dul trasna, a lámha á síneadh amach acu agus iad santú an chladaigh thall.

**(a)** Ainmnigh an ghné den fhilíocht eipice a úsáidtear sa sliocht seo.

**(b)** Déan measúnú ar an tionchar atá ag an teanga a úsáidtear sa sliocht seo, agus tagairt agat do **dhá** shampla.

**(c)** Céard a insíonn an sliocht seo dúinn faoi chreidimh na Rómhánach sa saol eile.

**Ceist 10** **(20 marc)**

Tagann Téacs A as *Óideanna* 3.3 le Horáit agus tagann Téacs B as *Críotó* le Platón.

**Téacs A:** *Óideanna* 3.3

Ní fearg an mhilliúin ag ordú nithe olc,
Ní an t-éadóchas ina strainc i ndeas i malaí an tíoránaigh,
A bhaineann croitheadh as fear díreach, seasmhach
In iomláine dhaingean a anama.

**Téacs B:** *Críotó*

Bí cinnte de, a Chríotó, nach ngéillfidh mé duit, cé go ndéanfadh cumas an tslua iarracht sceimhle a chur orainn ar nós leanaí, le bagairt níos mó a dhéanamh orainn ná mar a dhéanann anois, le srianta agus bás, agus le coigistiú maoine.

**(a)** Bunaithe ar Théacs A **agus** ar Théacs B, an bhfuil cosúlacht ar bith idir dearcadh Horáit agus dearcadh Shócraitéis maidir le maireachtáil go maith? Bíodh tagairt agat don **dá** théacs i do fhreagra.

**(b)** Mínigh **dhá** argóint a dhéanann Sócraitéas sa *Chríotó*.

Cuirtear tús le Roinn B – Freagraí Fada – ar lch 14.

| Roinn B | Freagraí Fada | 200 marc |
|---|---|---|

**Ceist 11** **(120 marc)**

Léigh an sliocht seo le Barry Strauss, Ollamh sna Clasaicí, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Ní raibh de mhisneach ag concaire ar bith leas a bhaint as an bpobal faoi chois aige ar shlí chomh hiontach le hAlastar nuair a d'fhógair sé é féin mar rí na hÁise - agus nuair a ghníomhaigh sé dá réir. Ní raibh saighdiúir-státaire ann riamh a chomhcheangail an mealladh agus bhagairt – pardúin agus fórsa míleata – chomh deaslámhach is a rinne Caesar.

**(a)** Bunaithe ar an staidéar a rinne tú ar Alastar Mór **nó** ar Iúil Caesar, an aontaíonn tú leis an ráiteas seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra, agus tagairt agat do Alastar **nó** Caesar. (40 marc)

**(b)** Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas. (80 marc)

**(i)** Pléigh an chaoi ar tháinig Alastar **nó** Caesar i gcumhacht.
I do fhreagra bíodh tagairt agat don teannas polaitiúil ag an am sin.

**NÓ**

**(ii)** Déan anailís ar na tréithe a d'fhág gur cheannairí cumhachtacha Alastar **nó** Caesar.
Bíodh tagairt agat d'fhoinse **amháin ar a laghad** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**NÓ**

**(iii)** Is é an teist ar fhear ná a ndéanann sé le cumhacht.

Cé chomh hábhartha atá an ráiteas seo i gcás charachtar Alastair **nó** Chaesair?

Spás Pleanála más rogha leat é a úsáid:

Freagra do Cheist 11 (b), páirt

Spás Freagartha le haghaidh líníochtaí, léaráidí etc., más rogha leat é a úsáid

Freagair ceann **amháin** de na cúig cheist thíos anseo. **(80 marc)**

**Ceist 12**

Measúnaigh tionchar an tréigin ar charachta(i)r ar bith as do chúrsa.
Féadfaidh tú ábhar as Snáith(eanna) **ar bith** ar do chúrsa a úsáid.

**NÓ**

**Ceist 13**

Measúnaigh an méid a d'fhéadfaí féachaint ar an *Odaisé* mar fhilíocht frithchogaíochta.
Bíodh fianaise agat ón téacs mar thacaíocht le do fhreagra.

**NÓ**

**Ceist 14**

**(a)** Pléigh an tábhacht a bhain le dia/ bandia **amháin** sa tsochaí Rómhánach. Bíodh tagairt agat d'fhianaise as Snáith(eanna) **ar bith** ar do chúrsa mar thacaíocht le do fhreagra.

**(b)** Cén chaoi a mbaineann filíocht Horáit le ról an reiligiúin sa tSean-Róimh? I do fhreagra pléigh an chaoi a láimhseáiltear an fhreagracht dhaonna, toil Dé, **agus / nó** an chinniúint sna *Óideanna / Eapóidí* le Horáit.

**NÓ**

**Ceist 15**

Déan anailís ar thréithe de chuid an laoich eipice Aeinéas a cheapann tú a bheith ábhartha i saol an lae inniu.
Bíodh fianaise in úsáid agat as *Aeinéid* le Veirgil mar thacaíocht le do chuid anailíse.

**NÓ**

**Ceist 16**

> "Agus, go deimhin, tá tréithe agus duáilcí ar leith sa chathair seo … an dúspéis in aisteoirí agus an paisean le haghaidh taispeántais na ngliairí agus rásaíocht capall. Cén méid spáis atá in intinn do na healaíona uaisle agus í chomh gafa sin le nithe dá leithéid?"
>
> \- Tacatas*, Annála Stair na Róimhe*

**(a)** Cé chomh cruinn, dar leat, atá an ráiteas thuas mar léiriú ar ról an mhórthaibhsithe sa tsochaí Rómhánach? Bíodh tagairt agat don ráiteas seo **agus** d'fhoinsí eile a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**(b)** I do thuairim, cén tábhacht a bhaineann leis an tsiamsaíocht sa tsochaí chomhaimseartha in Éirinn i gcomparáid leis an mórthaibhsiú sa tSean-Róimh?

| Spás Pleanála más rogha leat é a úsáid: |
| --- |
| |

Freagra do Cheist

Spás Pleanála le haghaidh líníochtaí, léaráidí, etc., más rogha leat é a úsáid:

Spás Freagartha sa Bhreis:

Spás Freagartha sa bhreis:

## Admhálacha:


### Téacsanna

Lch 10: Homer. *Odyssey.* Trans. A.S Kline. Poetry in Translation, 2004.
https://www.poetryintranslation.com/PITBR/Greek/Odhome.php

Lch 11: Virgil. *The Aeneid.* Trans. David West. London: Penguin Books, 2003.

Lch 12:

Grant, Michael. *Latin Literature: An Anthology.* London: Penguin Books. 2015.

Plato. *The Last Days of Socrates.* Trans. H. Tarrant, H. Tredennick, Ed. H Tarrant. London: Penguin Books. 2003.

Lch 14: Strauss, Barry. *Masters of Command.* New York: Simon and Schuster, 2012.

Lch 15: Diogenes Laertius. *Lives of Eminent Philosophers, Volume I: Books 1-5.* Tran. R. D. Hicks. Cambridge, MA: Harvard University Press, Loeb Classical Library 184, 1925.

Lch 20: Tacitus, *Annals of Imperial Rome.* Trans. M. Grant. London: Penguin Books. 2003.


Ná scríobh ar an leathanach seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Léann Clasaiceach

Dé Luain 24 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30